CEACHT 26

SIOPA ÉADAÍ



Pictiúr: Radharc:

Sa siopa éadaí, an siopadóir, Mamaí, Páid agus Bríd, cótaí móra (donn agus liath), gúna dearg a bfhuil cnaipi bána air; sparán nó airgead a chur i láimh Mhamaí de réir mar a oireann, Páid agus an cóta mór liath air. Ciorcal cainte agus comhartha ceiste.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Seo é an siopa éadaí. Tá Mamaí ag ceannach cóta mhóir do Pháid agus gúna do Bhríd. Tá an siopadóir ag díol.

Agallamh

MAMAÍ: Ba mhaith liom cóta mór a cheannach do Pháid.
SIOPADÓIR: Ar mhaith leat an cóta donn seo?
PÁID: Níor mhaith liom. B'fhearr liom ceann liath.
SIOPADÓIR: Seo duit cóta liath. Cuir ort anois é.
MAMAÍ: Tá sé sin go hálainn. Taispeáin dom gúna dearg do Bhríd anois.
BRÍD: Ó, féach! Tá cnaipí bána air.
MAMAÍ: Ceannóidh mé an cóta liath agus an gúna dearg, mar sin.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard é seo?
Céard atá Mamaí a dhéanamh?
Níl an siopadóir ag ceannach?

A "Mhamaí", labhair leis an siopadóir.
Ceist agat, a "shiopadóir"!
Freagair é, a "Pháid".
Céard faoin gceann liath?
Tabhair an cóta do Pháid, a "shiopadóir".
Abair leis an cóta a chur air.
Nach bhfuil sé sin go deas, a "Mhamaí"?
Bríd bhocht! Níl aon rud aici fós?
Tá cnaipí dearga air, a "Bhríd"?
An gceannóidh tú aon rud, a "Mhamaí"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Tá* Mamaí ag ceannach.
   (*inné, amárach, gach lá;* an?: *amárach;* an? ní: *inné;* an? ní: *gach lá*).
2. Cuir *ort* anois é.
   (*tusa, eisean, ise, iadsan, Seán*).
3. Seo duit cóta *liath.*
   (*donn, dearg, bán, dubh, glas, buí,* etc.).
4. *Ceannóidh* mé an cóta liath.
   (*inné, gach lá;* ar? níor: *inné;* an? ní: *amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Cluiche:
   Páiste: *Ar mhaith leat cóta,* etc., *bán*?
   Páiste eile: *B'fhearr liom cóta,* etc., *liath, donn, dubh,* etc.
3. Dráma beag:
   Páistí ag díol agus ag ceannach rudaí éagsúla.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Gnóthaí Ceardaíochta .i.:
   Éadaí á ndéanamh ag cailíní, seastáin do na héadaí á ndéanamh ag na buachaillí;
   nó
   Blocghraf de na baill éadaí éagsúla a chaitheann na páistí.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tá Mamaí sa siopa le Páid agus Bríd,
Ag caint leis an gcailín 's ag ceannach éadaí,
Gúna do Bhríd is cóta do Pháid,
Daidí 'na sheasamh amuigh ar an tsráid.

II

Cóta deas liath a fuair sí do Pháid,
Le dhá phóca mhór' ann is bóna deas ard,
Gúna breá dearg a fuair sí do Bhríd.
Bhí áthas ar Dhaid nuair a chonaic sé iad.